Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 6 Bealtaine 2025**
**(OR. en)**

**8055/25**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0093(NLE)**

**ECOFIN 428**
**UEM 117**
**FIN 421**
***ECB***
***EIB***

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Portaingéile |

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Portaingéile**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta[1], agus go háirithe Airteagal 20(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

---

[1] IO L 57, 18.2.2021, lch. 17, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/241/oj.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I ndiaidh don Phortaingéil an plean téarnaimh agus athléimneachta náisiúnta a chur isteach an 22 Aibreán 2021, mhol an Coimisiún a mheasúnú dearfach don Chomhairle. An 13 Iúil 2021, d'fhormheas an Chomhairle an measúnú dearfach trí bhíthin cinneadh cur chun feidhme ('Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021')[2]. Leasaíodh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 le Cinntí Cur Chun Feidhme an 17 Deireadh Fómhair 2023[3] agus an 8 Deireadh Fómhair 2024[4].

(2) An 3 Feabhra 2025, rinne an Phortaingéil iarraidh réasúnaithe ar an gCoimisiún togra a dhéanamh chun Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú i gcomhréir le hAirteagal 21(1) de Rialachán (AE) 2021/241, ós rud é nach féidir an plean téarnaimh agus athléimneachta a bhaint amach a thuilleadh go páirteach i ngeall ar imthosca oibiachtúla. Ar an mbonn sin, tá plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe curtha isteach ag an bPortaingéil.

***Leasuithe bunaithe ar Airteagal 21 de Rialachán (AE) 2021/241***

(3) Na leasuithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta a chuir an Phortaingéil isteach i ngeall ar imthosca oibiachtúla, baineann siad le 108 mbeart.

---

2 Féach doiciméid ST 10149/21 agus ST 10149/21 ADD 1 REV 1 ag http://register.consilium.europa.eu.

3 Féach doiciméid ST 13351/23 agus ST 13351/23 ADD 1 REV 1 ag http://register.consilium.europa.eu.

4 Féach doiciméid ST 13497/24 agus ST 13497/24 ADD 1 ag http://register.consilium.europa.eu.

(4) Mhínigh an Phortaingéil nach féidir cúig bheart a bhaint amach a thuilleadh go hiomlán toisc nár mheall na glaonna ar thairiscintí dóthain tairgeoirí agus mar gheall ar dheacrachtaí teicniúla gan choinne a chuir moill shuntasach ar an gcur chun feidhme. Baineann siad sin le cloch mhíle 6.26 agus sprioc 6.27 d'infheistíocht C06-i08-RAM (Síneadh a chur le foirgneamh CITMA) agus an tuairisc ar infheistíocht C06-i08-RAM faoi chomhchuid 6 (Cáilíochtaí agus scileanna); cloch mhíle 9.9 d'infheistíocht C09-i02 (Fiontar ilchuspóireach hiodrálach Crato, céim phleanála) agus an tuairisc ar infheistíocht C09-i02; clocha míle 9.10 agus 9.11 d'infheistíocht C09-i04 (Fiontar ilchuspóireach hiodrálach Crato) agus an tuairisc ar infheistíocht C09-i04 faoi chomhchuid 9 (Bainistiú Uisce); sprioc 15.7 d'infheistíocht C15-i03 (Iarnród Éadrom Idirthurais Odivelas – Loures) agus an tuairisc ar infheistíocht C15-i03 faoi chomhchuid 15 (Soghluaisteacht Inbhuanaithe); agus cloch mhíle 21.40 agus sprioc 21.41 d'infheistíocht C21-i15-RAA (Dhá bhád farantóireachta leictreacha a fháil) agus an tuairisc ar infheistíocht C21-i15-RAA faoi chomhchuid 21 (REPowerEU). Ar an mbonn sin, d'iarr an Phortaingéil go mbainfí na clocha míle, na spriocanna thuasluaite agus na tuairiscí thuasluaite ar infheistíochtaí. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir sin.

(5) Mhínigh an Phortaingéil nach féidir trí bheart a bhaint amach a thuilleadh go páirteach mar gheall ar dheacrachtaí teicniúla gan choinne a chuir moill shuntasach ar a gcur chun feidhme. Baineann sé sin le clocha míle 9.5, 9.6, agus9.7 agus sprioc 9.8 d'infheistíocht C09-i01 (Plean Réigiúnach na hAlgarve um Éifeachtúlacht Uisce) agus an tuairisc ar na fo-infheistíochtaí lena mbaineann faoi infheistíocht C09-i01; agus sprioc 14.13 de C14-i03-RAA (An t-aistriú fuinnimh sna hAsóir) agus an tuairisc ar an bhfo-infheistíocht lena mbaineann faoi infheistíocht C14-i03-RAA faoi chomhchuid 14 (Hidrigin agus Foinsí Fuinnimh In-athnuaite). Ar an mbonn sin, d'iarr an Phortaingéil go mbainfí na clocha míle, na spriocanna agus na tuairiscí ar fho-infheistíochtaí thuasluaite. Thairis sin, d'iarr an Phortaingéil go gcuirfí síneadh le hamlíne chur chun feidhme sprioc 12.4 d'infheistíocht C12-i01 (Bithgheilleagar). Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir sin.

(6) Mhínigh an Phortaingéil nach féidir naoi mbeart a bhaint amach a thuilleadh go páirteach toisc nár mheall na glaonna ar thairiscintí dóthain tairgeoirí agus toisc go raibh tairiscintí neamhleora ann. Baineann siad sin le sprioc 2.18 d’infheistíocht RE-02-i04-RAA (Dálaí tithíochta a fheabhsú i stoc tithíochta Réigiún Féinrialaitheach na nAsór) agus an tuairisc ar infheistíocht RE-02-i04-RAA faoi chomhchuid 2 (Tithíocht); sprioc 3.13 d’infheistíocht C03-i04-RAA (Cur Chun Feidhme na Straitéise Réigiúnaí maidir leis an mBochtaineacht agus an tEisiamh Sóisialta a Chomhrac — Líonraí Tacaíochta Sóisialta (Réigiún Féinrialaitheach na nAsór)) faoi chomhchuid 3 (Freagairt Shóisialta);. cloch mhíle 4.3 agus sprioc 4.5 d’infheistíocht C04-i01 (Líonraí Cultúrtha agus an tAistriú Digiteach) agus an tuairisc ar infheistíocht C04-i01 faoi chomhchuid 4 (An Cultúr); sprioc 5.19 d’infheistíocht C05-i05-RAA (Téarnamh Eacnamaíoch Thalmhaíocht na nAsór) faoi chomhchuid 5 (Infheistíocht agus Nuálaíocht); spriocanna 8.3 agus 8.20 d’infheistíocht C08-i01 (Claochlú Tírdhreacha i Limistéir Foraoise Leochaileacha) faoi chomhchuid 8 (Foraoisí); spriocanna 10.15 agus 10.16 d’infheistíocht C10-i06-RAM (Teicneolaíochtaí aigéanacha) faoi chomhchuid 10 (An Fharraige); agus sprioc 13.3 d’infheistíocht C13-i01-RAM (Éifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh chónaithe) faoi chomhchuid 13 (Éifeachtúlacht Fuinnimh i bhFoirgnimh). Ar an mbonn sin, d’iarr an Phortaingéil go laghdófaí leibhéal chur chun feidhme na gcloch míle agus na spriocanna thuasluaite agus go leasófaí na tuairiscí comhfhreagracha ar infheistíochtaí. Thairis sin, d’iarr an Phortaingéil go leasófaí sprioc 4.2 d’infheistíocht C04-i01 (Líonraí Cultúrtha agus an tAistriú Digiteach) chun bunaíochtaí tráchtála seachas siopaí leabhar a chur san áireamh. Thairis sin, d’iarr an Phortaingéil go gcuirfí síneadh le hamlíne chur chun feidhme chloch mhíle 10.3 d’infheistíocht C10-i01 (An Mol Gorm, Líonra Bonneagair don Gheilleagar Gorm); sprioc 13.3 d’infheistíocht C13-i01 (Éifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh chónaithe); agus sprioc 15.11 d’infheistíocht C15-i04 (Mearbhealach Busanna Boavista – Império) agus go leasófaí na tuairiscí comhfhreagracha ar infheistíochtaí. Thairis sin, d’iarr an Phortaingéil go leasófaí foclaíocht sprioc 8.2 d’infheistíocht C08-i01 (Claochlú Tírdhreacha i Limistéir Foraoise Leochaileacha) agus go giorrófaí a amlíne cur chun feidhme . Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir sin.

(7) Mhínigh an Phortaingéil nach féidir sé bheart a bhaint amach a thuilleadh go páirteach mar gheall ar éileamh neamhleor. Baineann siad sin le sprioc 3.12 d'infheistíocht C03-i04-RAA (Cur Chun Feidhme na Straitéise Réigiúnaí maidir leis an mBochtaineacht agus an tEisiamh Sóisialta a Chomhrac — Líonraí Tacaíochta Sóisialta (Réigiún Féinrialaitheach na nAsór)) faoi chomhchuid 3 (Freagairt Shóisialta); sprioc 6.10 d'infheistíocht C06-i05-RAA (Cáilíocht Aosach agus Foghlaim ar Feadh an tSaoil (Réigiún Féinrialaitheach na nAsór)) faoi chomhchuid 6 (Cáilíochtaí agus scileanna); spriocanna 16.10 agus 16.11 d'infheistíocht C16-i02 (Aistriú Digiteach Fiontar) faoi chomhchuid 16 (Fiontair 4.0); agus sprioc 20.12 d'infheistíocht C20-i02-RAA (An t-oideachas digiteach (na hAsóir)) agus an tuairisc ar infheistíocht C20-i02-RAA faoi chomhchuid 20 (An Scoil Dhigiteach). Ar an mbonn sin, d'iarr an Phortaingéil go laghdófaí leibhéal chur chun feidhme na spriocanna thuasluaite. Thairis sin, d'iarr an Phortaingéil go gcuirfí síneadh le hamlíne chur chun feidhme sprioc 14.9 d'infheistíocht C14-i02-RAM (Neartaitheacht an leictreachais in-athnuaite in Oileánra Mhaidéara); agus sprioc 16.11 d'infheistíocht C16-i02 (Aistriú Digiteach Fiontar) faoi chomhchuid 16 (Fiontair 4.0) agus go leasófaí na tuairiscí comhfhreagracha ar infheistíochtaí. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir sin.

(8) Mhínigh an Phortaingéil nach féidir ceithre bheart a bhaint amach a thuilleadh go páirteach mar gheall ar shrianta soláthair. Baineann siad sin leis an tuairisc ar infheistíocht C01-i07-RAM (Digitiú Sheirbhís Sláinte Réigiúnach Mhaidéara) faoi chomhchuid 1 (an tSeirbhís Náisiúnta Sláinte); sprioc 2.24 d'infheistíocht C02-i05 (Stoc tithíochta poiblí inacmhainne) agus an tuairisc ar infheistíocht C02-i05; sprioc 2.31 d'infheistíocht C02-i08-RAA (Atreisiú an stoc tithíochta sóisialta) agus an tuairisc ar infheistíocht C02-i08-RAA faoi chomhchuid 2 (Tithíocht); agus sprioc 21.37 d'infheistíocht C21-i13-RAM (Dícharbónú an iompair) agus an tuairisc ar infheistíocht C21-i13-RAM faoi chomhchuid 21 (REPowerEU). Ar an mbonn sin, d'iarr an Phortaingéil go laghdófaí leibhéal chur chun feidhme na spriocanna thuasluaite agus go leasófaí na tuairiscí comhfhreagracha ar infheistíochtaí. Thairis sin, d'iarr an Phortaingéil go mbainfí spriocanna 2.21, 2.22 agus 2.23 d'infheistíocht C02-i05 (Stoc tithíochta poiblí inacmhainne). Thairis sin, d'iarr an Phortaingéil go gcuirfí síneadh le hamlíne chur chun feidhme sprioc 1.35 d'infheistíocht C01-i07-RAM (Digitiú Sheirbhís Sláinte Réigiúnach Mhaidéara) faoi chomhchuid 1 (an tSeirbhís Náisiúnta Sláinte). Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir sin.

(9) Mhínigh an Phortaingéil nach féidir ceithre bheart a bhaint amach a thuilleadh go páirteach mar gheall ar dheacrachtaí teicniúla a raibh idirbheartaíocht fhadaithe le páirtithe leasmhara riachtanach ina leith. Baineann siad sin le cloch mhíle 8.6 d'infheistíocht C08-i02 (Clárlann maoine tuaithe agus Córas Faireacháin um Chumhdach Talún) agus an tuairisc ar infheistíocht C08-i02; sprioc 8.8 d'infheistíocht C08-i03 (Fálta bainistithe connaidh — príomhlíonra), faoi chomhchuid 8 (Foraoisí); agus cloch mhíle 21.38 d'infheistíocht C21-i14 (Mearbhealach Busanna Braga) faoi chomhchuid 21 (REPowerEU). Ar an mbonn sin, d'iarr an Phortaingéil go gcuirfí síneadh le hamlíne chur chun feidhme na gcloch míle agus na sprice thuasluaite. Thairis sin, d'iarr an Phortaingéil go laghdófaí leibhéal chur chun feidhme sprioc 8.9 d'infheistíocht C08-i03 (Fálta bainistithe connaidh — príomhlíonra) faoi chomhchuid 8 (Foraoisí) agus cloch mhíle 21.38 agus sprioc 21.39 d'infheistíocht C21-i14 (Mearbhealach Busanna Braga) agus go leasófaí an tuairisc ar infheistíocht C21-i14. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir sin.

(10) Mhínigh an Phortaingéil freisin maidir le hinfheistíocht C15-i02 (Leathnú Líonra Meitreo Porto — Casa da Música-Santo Ovídio) faoi chomhchuid 15 (Soghluaisteacht Inbhuanaithe), nach féidir í a bhaint amach a thuilleadh go páirteach mar gheall ar dhálaí geolaíocha gan choinne agus iarsmaí seandálaíochta a dtángthas orthu a raibh bearta breise sábháilteachta agus cosanta riachtanach ina leith, rud a d'fhág go raibh moill ar oibreacha. Ar an mbonn sin, d'iarr an Phortaingéil go mbainfí cloch mhíle 15.5, go laghdófaí leibhéal cur chun feidhme chloch mhíle 15.6 agus go leasófaí an tuairisc ar infheistíocht C15-i02. Thairis sin, d'iarr an Phortaingéil go gcuirfí isteach infheistíocht C15-i08 (Leathnú Líonra Meitreo Porto — Casa da Música-Santo Ovídio, an chéim thógála). Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir sin.

(11) Mhínigh an Phortaingéil freisin maidir le hinfheistíocht C15-i01 (Leathnú Líonra Meitreo Liospóin — Líne Dhearg go Alcântara) faoi chomhchuid 15 (Soghluaisteacht Inbhuanaithe), nach féidir í a bhaint amach a thuilleadh go páirteach mar gheall ar dhlíthíocht a chuir moill ar na ceadanna is gá a fháil agus ar thús na n-oibreacha. Ar an mbonn sin, d’iarr an Phortaingéil go mbainfí cloch mhíle 15.2, go laghdófaí leibhéal cur chun feidhme sprioc 15.3 agus go leasófaí an tuairisc ar infheistíocht C15-i01. Thairis sin, d’iarr an Phortaingéil go gcuirfí isteach infheistíocht C15-i07 (Leathnú Líonra Meitreo Liospóin — An Líne Dhearg go Alcântara, an chéim thógála). Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir sin.

(12) Mhínigh an Phortaingéil go bhfuil leasú déanta ar 40 beart toisc go bhfuil rogha mhalartach níos fearr ann maidir le cur chun feidhme gach beart lenar féidir uaillmhian bhunaidh gach beart a bhaint amach. Baineann siad sin le cloch mhíle 1.26 d'infheistíocht C01-i04 (Ospidéal Oirthear Liospóin a thógáil agus trealamh d'ospidéil i Liospóin agus Vale do Tejo) agus an tuairisc ar infheistíocht C01-i04 agus ainm na hinfheistíochta sin; spriocanna 1.27, 1.28 agus 1.31 d'infheistíocht C01-i05-RAM (Seirbhís Sláinte Réigiúnach Mhaidéara a neartú) agus an tuairisc ar infheistíocht C01-i05-RAM; sprioc 1.43 d'infheistíocht C01-i10 (Clár Nuachóirithe Teicneolaíochta an Chórais Sláinte Náisiúnta) agus an tuairisc ar infheistíocht C01-i10 faoi chomhchuid 1 (an Córas Sláinte Náisiúnta); spriocanna 2.7 agus 2.8 d'infheistíocht C02-i02 (Deontas Náisiúnta maidir le Cóiríocht Éigeandála agus Shealadach) agus an tuairisc ar infheistíocht C02-i02; spriocanna 2.11 agus 2.12 d'infheistíocht C02-i03-RAM (An Soláthar tithíochta sóisialta i Réigiún Féinrialaitheach Mhaidéara a neartú) agus an tuairisc ar infheistíocht C02-i03-RAM; spriocanna 2.13 agus 2.17 d'infheistíocht RE-02-i04-RAA (Dálaí tithíochta a mhéadú i stoc tithíochta Réigiún Féinrialaitheach na nAsór) spriocanna 2.25 agus 2.28 d'infheistíocht C02-i06 (Cóiríocht mac léinn ar phraghsanna inacmhainne) agus an tuairisc ar infheistíocht C02-i06; sprioc 2.32 de C02-i09 (Beart méadaithe: An Clár Tacaíochta um Rochtain ar Thithíocht (iasacht)) agus an tuairisc ar infheistíocht C02-i09 faoi chomhchuid 2 (Tithíocht); an tuairisc ar infheistíocht C03-i01 (Glúin nua trealaimh agus freagairtí sóisialta) agus sprioc 3.1 d'infheistíocht C03-i01 (Glúin nua trealaimh agus freagairtí sóisialta); spriocanna 3.6, 3.7, 3.8 agus 3.9 d'infheistíocht C03-i02 (Inrochtaineacht 360°) agus an tuairisc ar infheistíocht C03-i02;

sprioc 3.16 d’infheistíocht C03-i04-RAA (Cur Chun Feidhme na Straitéise Réigiúnaí maidir leis an mBochtaineacht agus an tEisiamh Sóisialta a Chomhrac — Líonraí Tacaíochta Sóisialta (Réigiún Féinrialaitheach na nAsór)) agus an tuairisc ar infheistíocht C03-i04-RAA; sprioc 3.26 d’infheistíocht C03-i06 (Oibríochtaí comhtháite i bpobail faoi mhíbhuntáiste i Limistéir Chathracha Liospóin agus Porto) agus an tuairisc ar infheistíocht C03-i06 faoi chomhchuid 3 (Freagairt Shóisialta); sprioc 5.17 d’infheistíocht C05-i04-RAA (Athchaipitliú Chóras Gnó na nAsór) agus an tuairisc ar infheistíocht C05-i04-RAA; sprioc 5.22 d’infheistíocht C05-i05-RAA (Téarnamh Eacnamaíoch Thalmhaíocht na nAsór); spriocanna 5.29 agus 5.32 d’infheistíocht C05-i06 (Caipitliú cuideachtaí agus athléimneacht airgeadais/Banco Português de Fomento) agus an tuairisc ar infheistíocht C05-i06 faoi chomhchuid 5 (Infheistíocht agus Nuálaíocht); sprioc 6.20 d’infheistíocht C06-i06 (Acmhainneachtaí san Eolaíocht) faoi chomhchuid 6 (Cáilíochtaí agus Scileanna); an tuairisc ar infheistíocht C07-i01; sprioc 7.5 d’infheistíocht C07-i06 (Limistéir Fáiltithe Gnó – Cur i gCrích) faoi chomhchuid 7 (Bonneagar); sprioc 8.16 d’infheistíocht C08-i05 (An Clár um Níos Mó Foraoise) faoi chomhchuid 8 (Foraoisí); clocha míle 10.9 agus 10.10 d’infheistíocht C10-i04-RAA (Forbairt an ‘Cluster do Mar dos Açores’) agus an tuairisc ar infheistíocht C10-i04-RAA faoi chomhchuid 10 (An Fharraige); spriocanna 13.1, agus, 13.2 d’infheistíocht C13-i01 (Éifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh chónaithe) agus an tuairisc ar infheistíocht C13-i01 faoi chomhchuid 13 (Éifeachtúlacht Fuinnimh i bhFoirgnimh); cloch mhíle 15.15 agus sprioc 15.16 d’infheistíocht C15-i06 (Digitiú an Iompair Iarnróid) agus an tuairisc ar infheistíocht C15-i06 faoi chomhchuid 15 (Soghluaisteacht Inbhuanaithe); spriocanna 16.3 agus 16.4 d’infheistíocht C16-i01 (Cumhachtú Digiteach Fiontar), an tuairisc ar infheistíocht C16-i01; spriocanna 16.6 agus 16.8 d’infheistíocht C16-i02 (Aistriú Digiteach Fiontar) agus an tuairisc ar infheistíocht C16-i02 faoi chomhchuid 16 (Fiontair 4.0);

cloch mhíle 18.3 d'athchóiriú C18-r33 (Ceartas eacnamaíoch agus an timpeallacht ghnó) agus an tuairisc ar athchóiriú C18-r33; clocha míle 18.7 agus 18.8 d'infheistíocht C18-i01 (Ceartas eacnamaíoch agus an timpeallacht ghnó) agus an tuairisc ar infheistíocht C18-i01 faoi chomhchuid 18 (Ceartas Eacnamaíoch agus Timpeallacht Ghnó); cloch mhíle 19.25 d'infheistíocht C19-i01 (Seirbhísí poiblí agus consalachta a athdhearadh) agus an tuairisc ar infheistíocht C19-i01; spriocanna 19.6, 19.7, 19.8, 19.9 agus 19.10 d' infheistíocht C19-i03 (An creat cibearshlándála foriomlán a neartú) agus an tuairisc ar infheistíocht C19-i03; clocha míle 19.12 agus 19.14 d'infheistíocht C19-i04 (Bonneagar digiteach criticiúil atá éifeachtúil, slán agus comhroinnte) agus an tuairisc ar infheistíocht C19-i04; cloch mhíle 19.17 d'infheistíocht C19-i05-RAM (Aistriú digiteach riarachán poiblí Mhaidéara); sprioc 19.21 d'infheistíocht C19-i07 (Riarachán poiblí a bhfuil sé de chumhacht aige luach poiblí a chruthú) agus an tuairisc ar infheistíocht C19-i07; cloch mhíle 19.30 d'athchóiriú C19-r41 (Rochtain ar Sheirbhísí Poiblí: rochtain ar an láthair agus ar líne a chomhchuibhiú agus a chomhdhlúthú) agus an tuairisc ar athchóiriú C19-r41 faoi chomhchuid 19 (Riarachán Poiblí Digiteach); spriocanna 20.4, 20.5, 20.6, 20.7 agus 20.9 d'infheistíocht C20-i01 (An t-aistriú digiteach san oideachas) faoi chomhchuid 20 (An Scoil Dhigiteach); an tuairisc ar athchóiriú C21-r46 (Creat rialála maidir le hidrigin in-athnuaite); sprioc 21.1 d'infheistíocht C21-i01 (Beart méadaithe: An Dícharbónú Tionsclaíoch) agus an tuairisc ar infheistíocht C21-i01; sprioc 21.2 d'infheistíocht C21-i02 (Beart méadaithe: Éifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh chónaithe) agus an tuairisc ar infheistíocht C21-i02; cloch mhíle 21.28 d'infheistíocht C21-i08 (Solúbthacht agus stóráil an líonra) agus an tuairisc ar infheistíocht C21-i08; sprioc 21.34 d'infheistíocht C21-i11-RAM (Córas dreasachtaí chun fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite a tháirgeadh agus a stóráil i Maidéara agus Porto Santo) agus an tuairisc ar infheistíocht C21-i11-RAM; agus sprioc 21.35 d'infheistíocht C20-i12 (Beart méadaithe: Dícharbónú an Iompair Phoiblí) faoi chomhchuid 21 (REPowerEU).

Ar an mbonn sin, d'iarr an Phortaingéil go leasófaí foclaíocht na gcloch míle, na spriocanna agus na dtuairiscí ar na hinfheistíochtaí thuasluaite. Thairis sin, d'iarr an Phortaingéil go gcuirfí síneadh le hamlíne chur chun feidhme sprioc 1.30 de C01-i05-RAM (Seirbhís Sláinte Réigiúnach Mhaidéara a neartú) faoi chomhchuid 1 (An Córas Náisiúnta Sláinte) sprioc 5.17 d'infheistíocht C05-i04-RAA (Athchaipitliú Chóras Gnó na nAsór); spriocanna 5.29 agus 5.32 d'infheistíocht C05-i06 (Caipitliú cuideachtaí agus athléimneacht airgeadais/Banco Português de Fomento) faoi chomhchuid 5 (Infheistíocht agus Nuálaíocht); spriocanna 16.3 agus 16.4 d'infheistíocht C16-i01 (Cumhachtú Digiteach Fiontar); cloch mhíle 19.14 d'infheistíocht C19-i04 (Bonneagar digiteach criticiúil atá éifeachtúil, slán agus comhroinnte); cloch mhíle 19.17 d'infheistíocht C19-i05-RAM (Aistriú digiteach riarachán poiblí Mhaidéara) faoi chomhchuid 19 (Riarachán Poiblí Digiteach); sprioc 20.9 d'infheistíocht C20-i01 (An t-aistriú digiteach san oideachas); cloch mhíle 21.23 d'athchóiriú C21-r48 (Simpliú an chreata dhlíthiúil agus rialála is infheidhme maidir le tionscadail fuinnimh in-athnuaite); agus sprioc 21.34 d'infheistíocht C21-i11-RAM faoi chomhchuid 21 (REPowerEU) agus go leasófaí na tuairiscí comhfhreagracha ar infheistíochtaí agus ar athchóirithe. Thairis sin, d'iarr an Phortaingéil go giorrófaí cur chun feidhme sprioc 1.28 d'infheistíocht C01-i05-RAM (Seirbhís Sláinte Réigiúnach Mhaidéara a Neartú); sprioc 6.28 d'infheistíocht C06-i09 (Scoileanna nua nó athchóirithe) faoi chomhchuid 6 (Cáilíochtaí agus Scileanna); cloch mhíle 15.15 d'infheistíocht C15-i06 (Digitiú an Iompair Iarnróid); agus cloch mhíle 19.30 d'athchóiriú C19-r41 (Rochtain ar Sheirbhísí Poiblí: rochtain ar an láthair agus ar líne a chomhchuibhiú agus a chomhdhlúthú) agus go leasófaí na tuairiscí ar infheistíocht C07-i01 (Limistéir Fáiltithe Gnó) agus ar athchóiriú C19-r41.

Thairis sin, d'iarr an Phortaingéil go gcuirfí isteach infheistíocht C01-i12 (Tógáil Ospidéal Oirthear Liospóin) agus cloch mhíle 1.45 faoi chomhchuid 1 (An tSeirbhís Náisiúnta Sláinte); infheistíocht C07-i06 (Limistéir Fáiltithe Gnó — Cur i gCrích) faoi chomhchuid 7 ( Bonneagar); agus cloch mhíle 18.10 d'athchóiriú C18-r33 faoi chomhchuid 18 (Ceartas Eacnamaíoch agus An Timpeallacht Ghnó). Thairis sin, d'iarr an Phortaingéil go mbainfí sprioc 2.10 d'infheistíocht C02-i03-RAM (Soláthar tithíochta sóisialta i Réigiún Féinrialaitheach Mhaidéara a neartú); spriocanna 2.26 agus 2.27 d'infheistíocht C02-i06 (Cóiríocht mac léinn ar phraghsanna inacmhainne) faoi chomhchuid 2 (Tithíocht); sprioc 13.4 d'infheistíocht C13-i01(Éifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh chónaithe); sprioc 16.5 d'infheistíocht C16-i02 (Aistriú Digiteach Fiontar) faoi chomhchuid 16 (Fiontair 4.0); agus sprioc 21.3 d'infheistíocht c21-i02 (Beart méadaithe: Éifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh chónaithe) faoi chomhchuid 21 (REPowerEU). Thairis sin, d'iarr an Phortaingéil go laghdófaí an uaillmhian maidir le cur chun feidhme sprioc 1.28 d'infheistíocht C01-i05-RAM (Seirbhís Sláinte Réigiúnach Mhaidéara a Neartú). Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir sin.

(13) Mhínigh an Phortaingéil go ndearnadh 46 bheart a leasú toisc go bhfuil rogha mhalartach níos fearr ann maidir le cur chun feidhme gach beart lenar féidir an t-ualach riaracháin a laghdú agus cuspóirí an bhirt lena mbaineann á mbaint amach an tráth céanna. Baineann siad sin le sprioc 1.10 d'athchóiriú r03 (An t-athchóiriú ar shamhail rialachais na n-ospidéal poiblí a chur i gcrích) agus an tuairisc ar athchóiriú r03; sprioc 1.15 agus clocha míle 1.16, 1.17, 1.18agus 1.19 d'infheistíocht C01-i01(Seirbhísí cúraim sláinte phríomhúil le níos mó freagraí) agus an tuairisc ar infheistíocht C01-i01; spriocanna 1.21 agus 1.22 d'infheistíocht C01-i02 (Líonra Náisiúnta um Chúram Leanúnach Comhtháite agus Líonra Náisiúnta um Chúram Maolaitheach) agus an tuairisc ar infheistíocht C01-i02; sprioc 1.23 agus cloch mhíle 1.25 d'infheistíocht C01-i03 (An t-athchóiriú meabhairshláinte a chur i gcrích agus an straitéis um néaltrú a chur chun feidhme) agus na tuairiscí ar infheistíochtaí C01-i03 agus C01-i09 (Córas Tacaíochta Uilíoch don Saol Gníomhach) faoi chomhchuid 1 (An Córas Náisiúnta Sláinte); sprioc 2.3 d'infheistíocht C02-i01 (An Clár Tacaíochta um Rochtain ar Thithíocht) agus an tuairisc ar infheistíocht C02-i01; sprioc 2.30 d'infheistíocht C02-i07-RAA (Bonneagar le haghaidh dáileachtaí talún le haghaidh tithíocht chónaitheach) faoi chomhchuid 2 (Tithíocht); an tuairisc ar infheistíocht C03-i03-RAM (Freagairtí sóisialta i Réigiún Féinrialaitheach Mhaidéara a neartú) faoi chomhchuid 3 (Freagairtí Sóisialta); sprioc 5.6 d'infheistíocht C05-i01.01 (Cláir Oibre/Comhghuaillithe don Nuálaíocht Ghnó a shlógadh); an tuairisc ar infheistíocht C05-i01.02 (Cláir Oibre Ghlasa/Comhghuaillithe don nuálaíocht ghnó); sprioc 5.45 d'infheistíocht C05-i11 (Uas-scálú: Cláir Oibre /Comhghuaillithe don Nuálaíocht Ghnó (Iasachtaí) a shlógadh) agus an tuairisc ar infheistíocht C05-i11 faoi chomhchuid 5 (Infheistíocht agus Nuálaíocht); sprioc 6.2 d'infheistíocht C06-i01 (Nuachóiriú institiúidí gairmoideachais agus gairmoiliúna); an tuairisc ar infheistíocht C06-i02 (Gealltanas maidir le Fostaíocht Inbhuanaithe);

sprioc 6.6 d'infheistíocht C06-i03 (Dreasacht do dhaoine fásta) agus an tuairisc ar infheistíocht C06-i03; spriocanna 6.7, 6.8, agus6.9 d'infheistíocht C06-i04 (Spreagadh don Óige - STEAM (An Eolaíocht, an Teicneolaíocht, an Innealtóireacht, na hEalaíona agus an Mhatamaitic)) agus an tuairisc ar infheistíocht C06-i04; sprioc 6.11 d'infheistíocht C06-i05-RAA (Cáilíocht Aosach agus Foghlaim ar Feadh an tSaoil (Réigiún Féinrialaitheach na nAsór)) agus an tuairisc ar infheistíocht C06-i05-RAA; sprioc 6.25 d'infheistíocht C06-i07 (Níos mó spreagadh digiteach) faoi chomhchuid 6 (Cáilíochtaí agus scileanna); spriocanna 9.3 agus 9.4 d'infheistíocht C09-i01 (Plean Réigiúnach na hAlgarve um Éifeachtúlacht Uisce) agus an tuairisc ar infheistíocht C06-i01; sprioc 9.13 d'infheistíocht C06-i03-RAM (Plean um éifeachtúlacht uisce agus córais soláthair agus uiscithe Mhaidéara a neartú) faoi chomhchuid 9 (Bainistiú Uisce); clocha míle 10.2 agus 10.3 d'infheistíocht C10-i01 (An Mol Gorm, Líonra Bonneagair don Gheilleagar Gorm) agus an tuairisc ar infheistíocht C10-i01; sprioc 10.4 d'infheistíocht C10-i02 (An tAistriú Glas agus an tAistriú Digiteach agus an tSábháilteacht in Iascaigh) agus an tuairisc ar infheistíocht C10-i02; cloch mhíle 10.7 d'infheistíocht C10-i03 (Lárionad Oibríochtaí um Chosaint an Atlantaigh agus ardán cabhlaigh); cloch mhíle 10.13 d'infheistíocht C10-i06-RAM (Teicneolaíochtaí aigéanacha) agus an tuairisc ar infheistíocht C10-i06-RAM faoi chomhchuid 10 (An Fharraige); an tuairisc ar infheistíocht C11-i01 (An Dícharbónú Tionsclaíoch) faoi chomhchuid 11 (An Dícharbónú Tionsclaíoch); sprioc 13.5 d'infheistíocht C13-i02 (Éifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh rialtais láir) agus an tuairisc ar infheistíocht C13-i02; sprioc 13.8 d'infheistíocht C13-i03 (Éifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh a úsáidtear san earnáil seirbhísí) agus an tuairisc ar infheistíocht C13-i03 faoi chomhchuid 13 (Éifeachtúlacht Fuinnimh i bhFoirgnimh); cloch mhíle 14.2 agus sprioc 14.3 d'infheistíocht C14-i01 (Hidrigin agus gáis in-athnuaite) agus an tuairisc ar infheistíocht C14-i01; spriocanna 14.6, agus 14.7 d'infheistíocht C14-i02-RAM (Neartaitheacht an leictreachais in-athnuaite in Oileánra Mhaidéara) agus an tuairisc ar infheistíocht C14-i02-RAM faoi chomhchuid 14 (Hidrigin agus Fuinneamh In-athnuaite);

sprioc 16.15 d’infheistíocht C16-i03 (catalaíoch le haghaidh Aistriú Digiteach Fiontar) agus an tuairisc ar infheistíocht C16-i03; sprioc 16.16 d’infheistíocht C16-i04 (Tionsclaíocht 4.0) agus an tuairisc ar infheistíocht C16-i04; an tuairisc ar infheistíocht C16-i05-RAA (Acmhainneacht Dhigiteach agus Claochlú Fiontar sna hAsóir); an tuairisc ar infheistíocht C16-i06-RAM (Fiontair 4.0) faoi chomhchuid 16 (Fiontair 4.0); cloch mhíle 17.5 agus sprioc 17.8 d’athchóiriú C17-r32 (Bainistíocht Airgeadais Phoiblí a Nuachóiriú agus a Shimpliú) agus an tuairisc ar athchóiriú C17-r32; sprioc 17.18 d’infheistíocht C17-i03 (Aistriú Digiteach seirbhísí Leasa Shóisialaigh) faoi chomhchuid 17 (Cáilíocht agus Inbhuanaitheacht an Airgeadais Phoiblí); sprioc 19.6 d’infheistíocht C19-i02 (Seirbhísí leictreonacha inbhuanaithe) agus an tuairisc ar infheistíocht C19-i02; an tuairisc ar infheistíocht C19-i06-RAA (Aistriú digiteach an riaracháin phoiblí sna hAsóir) faoi chomhchuid 19 (Riarachán Poiblí Digiteach); sprioc 20.11 d’infheistíocht C20-i02-RAA (An t-oideachas digiteach (na hAsóir)); sprioc 20.15 d’infheistíocht C20-i03-RAM (Dlús a chur le digitiú an oideachais i Réigiún Féinrialaitheach Mhaidéara) agus an tuairisc ar infheistíocht C20-i03-RAM faoi chomhchuid 20 (An Scoil Dhigiteach); an tuairisc ar infheistíocht C21-i09 (Ionad ilfhreastail chun tionscadail fuinnimh in-athnuaite a cheadúnú agus faireachán a dhéanamh orthu); agus sprioc 21.33 d’infheistíocht C21-i11-RAM (Córas dreasachtaí chun fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite a tháirgeadh agus a stóráil i Maidéara agus Porto Santo) agus an tuairisc ar infheistíocht C21-i11-RAM agus an tuairisc ar infheistíocht 21-r44 (Forbairt na n-ionad ilfhreastail éifeachtúlachta fuinnimh do shaoránaigh (Spásanna Fuinnimh do Shaoránaigh)) faoi chomhchuid 21 (REPowerEU). Ar an mbonn sin, d’iarr an Phortaingéil go leasófaí foclaíocht na gcloch míle, na spriocanna agus na dtuairiscí ar athchóirithe agus ar infheistíochtaí thuasluaite.

Thairis sin, d’iarr an Phortaingéil go gcuirfí síneadh le hamlíne chur chun feidhme sprioc 3.10 d’infheistíocht C03-i03-RAM (Freagairtí sóisialta i Réigiún Féinrialaitheach Mhaidéara a neartú); sprioc 5.6 d’infheistíocht C05-i01.01 (Cláir Oibre/Comhghuaillithe don Nuálaíocht Ghnó a shlógadh); sprioc 5.45 d’infheistíocht C05-i11 (Uas-scálú: Cláir Oibre/Comhghuaillithe don Nuálaíocht Ghnó (Iasachtaí) a shlógadh); sprioc 9.1 d’infheistíocht C09-i01 (Plean Réigiúnach na hAlgarve um Éifeachtúlacht Uisce); sprioc 14.7 d’infheistíocht C14-i02-RAM (Neartaitheacht an leictreachais in-athnuaite in Oileánra Mhaidéara); sprioc 16.17 d’infheistíocht C16-i04 (Tionsclaíocht 4.0); sprioc 21.6 d’infheistíocht C21-i04-RAM (Éifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh phoiblí i Maidéara); agus cloch mhíle 21.31 d’infheistíocht C21-i09 (Ionad ilfhreastail chun tionscadail fuinnimh in-athnuaite a cheadúnú agus faireachán a dhéanamh orthu) faoi chomhchuid 21 (REPowerEU) agus go leasófaí na tuairiscí comhfhreagracha ar infheistíochtaí. Thairis sin, d’iarr an Phortaingéil go mbainfí sprioc 1.14 d’infheistíocht C04-i01 (Seirbhísí cúraim sláinte phríomhúil le níos mó freagraí) faoi chomhchuid 1 (An tSeirbhís Náisiúnta Sláinte); sprioc 2.29 d’infheistíocht C02-i01 (An Clár Tacaíochta um Rochtain ar Thithíocht) faoi chomhchuid 2 (Tithíocht); sprioc 5.8 d’infheistíocht C05-i01.02 (Cláir Oibre Ghlasa/Comhghuaillithe don nuálaíocht ghnó) sprioc 5.40 d’infheistíocht C05-i09 (Uas-scálú: Cláir Oibre/Comhghuaillithe don Nuálaíocht Ghnó a shlógadh) agus an tuairisc ar infheistíocht C05-i09; sprioc 5.42 d’infheistíocht C05-i10 (Uas-scálú: Cláir Oibre Ghlasa/Comhghuaillithe don nuálaíocht ghnó) agus an tuairisc ar infheistíocht C05-i10; sprioc 5.47 d’infheistíocht C05-i12 (Uas-scálú: Cláir Oibre Ghlasa/Comhghuaillithe don nuálaíocht ghnó) faoi chomhchuid 5 (Infheistíocht agus Nuálaíocht); sprioc 6.1 d’infheistíocht C06-i01 (Institiúidí gairmoideachais agus gairmoiliúna a nuachóiriú); sprioc 13.4 d’infheistíocht C13-i01 (Éifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh chónaithe); spriocanna 13.6 agus 13.7 d’infheistíocht C13-i02 (Éifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh rialtais láir);

spriocanna 13.9 agus 13.10 d'infheistíocht C13-i03 (Éifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh a úsáidtear san earnáil seirbhísí) faoi chomhchuid 13 (Éifeachtúlacht Fuinnimh i bhFoirgnimh); sprioc 14.8 d'infheistíocht C14-i02-RAM (Neartaitheacht an leictreachais in-athnuaite in Oileánra Mhaidéara); sprioc 19.5 d'infheistíocht C19-i02 (Seirbhísí leictreonacha inbhuanaithe); sprioc 21.5 d'infheistíocht C21-i04-RAM (Éifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh phoiblí i Maidéara); agus cloch mhíle 21.30 d'infheistíocht C21-i09 (Ionad ilfhreastail chun tionscadail fuinnimh in-athnuaite a cheadúnú agus faireachán a dhéanamh orthu) faoi chomhchuid 21 (REPowerEU). Thairis sin, d'iarr an Phortaingéil go giorrófaí amlíne chur chun feidhme chloch mhíle 1.9 d'athchóiriú r3 (An t-athchóiriú ar shamhail rialachais na n-ospidéal poiblí a chur i gcrích) faoi chomhchuid 1 (An Córas Náisiúnta Sláinte) agus go leasófaí na tuairiscí ar athchóiriú r3 faoi chomhchuid 1 (An Córas Náisiúnta Sláinte) agus ar infheistíochtaí C05-i01.02 (Cláir Oibre Ghlasa/Comhghuaillithe don nuálaíocht ghnó) agus C05-i12 (Uas-scálú: Cláir Oibre Ghlasa/Comhghuaillithe don nuálaíocht ghnó) faoi chomhchuid 5 (Infheistíocht agus Nuálaíocht). Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir sin.

(14) Ina theannta sin, d’iarr an Phortaingéil maidir leis na hacmhainní a saoradh trí bhearta a bhaint agus tríd an leibhéal cur chun feidhme a laghdú faoi Airteagal 21 de Rialachán (AE) 2021/241, go mbainfí úsáid as na hacmhainní sin chun seacht mbeart nua a thabhairt isteach agus leibhéal cur chun feidhme 21 bheart a mhéadú. Baineann an iarraidh sin le sprioc 1.44 d’infheistíocht nua C01-i11-RAA (Nuachóiriú agus athcháiliú na Seirbhíse Sláinte Réigiúnaí) agus an tuairisc ar infheistíocht nua C01-i11-RAA faoi chomhchuid 1 (An tSeirbhís Náisiúnta Sláinte); sprioc 5.50 d’infheistíocht nua C05-i13 (Aonaid taighde eolaíoch) agus an tuairisc ar infheistíocht nua C05-i13; cloch mhíle 5.51 agus sprioc 5.52 d’infheistíocht nua C05-i14 (Nuálaíocht ghnó) agus an tuairisc ar infheistíocht nua C05-i14; cloch mhíle 5.53 agus sprioc 5.54 d’infheistíocht nua C05-i15-RAA (Ciste cothromais le haghaidh athchaipitliú Chóras Gnó na nAsór) agus an tuairisc ar infheistíocht nua C05-i15-RAA; cloch mhíle 5.48 agus sprioc 5.49 d’infheistíocht nua C05-i16 (Urrann Bhallstáit InvestEU) agus an tuairisc ar infheistíocht nua C05-i16 faoi chomhchuid 5 (Infheistíocht agus Nuálaíocht); sprioc 9.14 d’infheistíocht nua C09-i05 (Páirc Fhótavoltach Alqueva) agus an tuairisc ar infheistíocht nua C09-i05 faoi chomhchuid 9 (Bainistiú Uisce); agus sprioc 12.10 d’infheistíocht nua C12-i02 (Athchúrsáil agus aisghabháil dramhaíola) agus an tuairisc ar infheistíocht nua C12-i02 faoi chomhchuid 12 (Bithgheilleagar). Ar an mbonn sin, d’iarr an Phortaingéil go gcuirfí isteach na clocha míle agus na spriocanna agus na tuairiscí ar infheistíochtaí thuasluaite. Thairis sin, d’iarr an Phortaingéil go méadófaí an leibhéal is gá de chur chun feidhme na gcloch míle agus na spriocanna seo a leanas agus go leasófaí na dtuairiscí na n-infheistíochtaí comhfhreagracha ábhartha: sprioc 3.4 d’infheistíocht C03-i01 (Glúin nua trealaimh agus freagairtí sóisialta);

sprioc 3.8 d'infheistíocht C03-i02 (Inrochtaineacht 360°); sprioc 3.14 d'infheistíocht C03-i04-RAA (Cur Chun Feidhme na Straitéise Réigiúnaí maidir leis an Bhochtaineacht agus an tEisiamh Sóisialta a Chomhrac — Líonraí Tacaíochta Sóisialta (Réigiún Féinrialaitheach na nAsór)); sprioc 3.28 d'infheistíocht C03-i07-RAA (Struchtúir chónaitheacha le haghaidh daoine aosta a uasghrádú agus a leathnú) agus an tuairisc ar infheistíocht C03-i07-RAA; sprioc 4.8 d'infheistíocht C04-i02 (An Oidhreacht Chultúrtha); spriocanna 5.20 agus 5.21 d'infheistíocht C03-i05-RAA (Téarnamh Eacnamaíoch Thalmhaíocht na nAsór) agus an tuairisc ar infheistíocht C03-i05-RAA; sprioc 5.36 agus clocha míle 5.37 agus 5.38 d'infheistíocht C05-i08 (Níos Mó Eolaíochta Digití) agus an tuairisc ar infheistíocht C05-i08; sprioc 6.29 d'infheistíocht C06-i09 (Scoileanna nua nó athchóirithe) agus an tuairisc ar infheistíocht C06-i09; sprioc nua 8.22 d'infheistíocht C08-i05 (An Clár um Níos Mó Foraoise) agus an tuairisc ar infheistíocht C08-i05; sprioc nua 9.15 d'infheistíocht C09-i01 (Plean Réigiúnach na hAlgarve um Éifeachtúlacht Uisce); cloch mhíle 10.9 d'infheistíocht C10-i04-RAA (Forbairt an 'Cluster do Mar dos Açores') agus an tuairisc ar infheistíocht C10-i04-RAA; sprioc nua 13.11 d'infheistíocht C13-i01 (Éifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh chónaithe) faoi chomhchuid 13 (Éifeachtúlacht Fuinnimh i bhFoirgnimh); sprioc nua 14.15 d'infheistíocht C14-i02-RAM (Neartaitheacht an leictreachais in-athnuaite in Oileánra Mhaidéara) agus an tuairisc ar infheistíocht C14-i02-RAM; sprioc 14.14 d'infheistíocht C14-i03-RAA (An t-aistriú fuinnimh sna hAsóir); sprioc 16.17 d'infheistíocht C16-i04 (Tionsclaíocht 4.0) agus an tuairisc ar infheistíocht C16-i04; cloch mhíle 19.13 d'infheistíocht C19-i04 (Bonneagar digiteach criticiúil atá éifeachtúil, slán agus comhroinnte); cloch mhíle 19.35 d'infheistíocht C19-i08 (Críocha Cliste) agus an tuairisc ar infheistíocht C19-i08;

sprioc 21.36 d'infheistíocht C21-i12 (Beart méadaithe: Dícharbónú an Iompair Phoiblí); agus cloch mhíle 21.23 agus sprioc nua 21.44 d'athchóiriú C21-r48 (Simpliú an chreata dhlíthiúil agus rialála is infheidhme maidir le tionscadail fuinnimh in-athnuaite) agus an tuairisc ar athchóiriú C21-r48. Thairis sin, d'iarr an Phortaingéil go cuirfí síneadh le hamlíne chloch mhíle 5.38 d'infheistíocht C05-i08 (Níos Mó Eolaíochta Digití); cloch mhíle 19.13 d'infheistíocht C19-i04 (Bonneagar digiteach criticiúil atá éifeachtúil, slán agus comhroinnte) agus cloch mhíle 21.23 d'athchóiriú C21-r48 (Simpliú an chreata dhlíthiúil agus rialála is infheidhme maidir le tionscadail fuinnimh in-athnuaite) agus go leasófaí na tuairiscí ar infheistíocht C05-i08 (Níos Mó Eolaíochta Digití) agus infheistíocht C08-i05 (An Clár um Níos Mó Foraoise). Ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir.

(15) Measann an Coimisiún, leis na cúiseanna arna gcur chun cinn ag an bPortaingéil, go bhfuil údar maith leis na leasuithe de bhun Airteagal 21(2) de Rialachán (AE) 2021/241. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir.

***Dáileadh clocha míle agus spriocanna***

(16) Ba cheart dáileadh na gcloch míle agus na spriocanna i dtráthchodanna a mhodhnú chun na leasuithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta agus an amlíne tháscach a chuir an Phortaingéil i láthair a chur san áireamh

*Ceartúcháin ar earráidí cléireachais*

(17) Sainaithníodh 5 earráid chléireachais i dtéacs Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021, lena ndéantar difear do 8 gcloch mhíle agus sprioc agus do 6 bheart faoi 5 chomhchuid. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú chun na hearráidí cléireachais sin a cheartú, earráidí nach dtagann le hábhar an phlean téarnaimh agus athléimneachta a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin an 22 Aibreán 2021, mar a comhaontaíodh idir an Coimisiún agus an Phortaingéil. Baineann na hearráidí cléireachais sin freisin le cloch mhíle 4.11 d'infheistíocht C04-i02 (An Oidhreacht Chultúrtha) agus an tuairisc ar infheistíocht C04-i02 faoi chomhchuid 4 (An Cultúr); sprioc 7.14 d'infheistíocht C07-i05-RAA (Ciorcaid Lóistíochta — Líonra Réigiúnach na nAsór); sprioc 5.34 d'infheistíocht C05-i07-RAM (Ionstraimí caipitlithe do chuideachtaí i Maidéara) faoi chomhchuid 5 (Infheistíocht agus Nuálaíocht); sprioc 10.12 d'infheistíocht C10-i05-RAA (An t-aistriú fuinnimh, an digitiú agus laghdú an tionchair ar an gcomhshaol san earnáil iascaigh agus dobharshaothraithe) agus an tuairisc ar infheistíocht C10-i05-RAA faoi chomhchuid 10 (An Fharraige); sprioc 14.12 de C14-i03-RAA (An t-aistriú fuinnimh sna hAsóir) faoi chomhchuid 14 (Hidrigin agus Fuinneamh In-athnuaite); roinn S.4 (Clocha míle, spriocanna, táscairí agus amchlár maidir le faireachán agus cur chun feidhme i ndáil leis an iasacht) faoi chomhchuid 19; cloch mhíle 19.30 d'athchóiriú C19-r41 (Rochtain ar Sheirbhísí Poiblí: rochtain ar an láthair agus ar líne a chomhchuibhiú agus a chomhdhlúthú) agus an tuairisc ar athchóiriú C19-r41; agus clocha míle 19.31, 19.32 agus 19.33 d'athchóiriú C19-r42 (Córas meastóireachta nua chun lucht saothair an riaracháin phoiblí a chumhachtú agus a athnuachan) agus an tuairisc ar athchóiriú C19-r42 faoi chomhchuid 19 (Riarachán Poiblí Digiteach). Ní dhéanann na ceartúcháin sin difear do chur chun feidhme na mbeart lena mbaineann.

*Measúnú an Choimisiúin*

(18) Rinne an Coimisiún measúnú ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241.

*Gan dochar suntasach a dhéanamh*

(19) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (d), de Rialachán (AE) 2021/241, agus le hIarscríbhinn V, critéar 2.4, a ghabhann leis, meastar go n- áiritheofar leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe nach ndéanfaidh aon bheart (rátáil A) maidir le cur chun feidhme na n- athchóirithe agus na dtionscadal infheistíochta a áirítear sa phlean téarnaimh agus athléimneachta, nach ndéanfaidh aon bheart dá leithéid dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5] (an prionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh').

(20) Chuir an Phortaingéil measúnú isteach ar an bprionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh' le haghaidh gach ceann de na hinfheistíochtaí nua seo a leanas: C01-i12 (Nuachóiriú agus athcháiliú na Seirbhíse Sláinte Réigiúnaí); C09-i05 (Páirc Fhótavoltach Alqueva); agus C12-i02 (Athchúrsáil agus aisghabháil dramhaíola). Léiríonn an fhaisnéis a chuirtear ar fáil go meastar go n-áiritheofar leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe go gcomhlíonfar an prionsabal sin. Níl tionchar ag na modhnuithe eile ar na bearta a cuimsíodh sa phlean téarnaimh agus athléimneachta bunaidh ar an measúnú ar an bprionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh'.

---

[5] Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2020 maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/2088 (IO L 198, 22.6.2020, lch. 13, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2020/852/oj).

*Rannchuidiú le cuspóirí REPowerEU*

(21) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (da), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le hIarscríbhinn V, critéar 2.12, a ghabhann leis, meastar go rannchuideoidh caibidil REPowerEU go héifeachtach agus go láidir (rátáil A) leis an tslándáil fuinnimh, le héagsúlú sholáthar fuinnimh an Aontais, le méadú ar ghlacadh foinsí in-athnuaite agus le héifeachtúlacht fuinnimh, le méadú ar acmhainneachtaí stórála fuinnimh nó leis an laghdú is gá ar an spleáchas ar bhreoslaí iontaise roimh 2030.

(22) Níl tionchar ábhartha ag leasú an phlean téarnaimh agus athléimneachta ar a uaillmhian i leith chuspóirí REPowerEU. Baineadh infheistíocht C21-i15-RAA (Dhá bhád farantóireachta leictreacha a fháil) agus laghdaíodh leibhéal chur chun feidhme infheistíocht C21-i13-RAM (Dícharbónú an iompair) agus infheistíocht C21-i04 (Éifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh phoiblí i Maidéara), ach ina ainneoin sin coinníonn an plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe a rannchuidiú suntasach leis an dícharbónú tionsclaíoch, lena n-áirítear an t-iompar, agus le táirgeadh agus le glacadh fuinnimh in-athnuaite. Cuimsítear sa phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe méadú in uaillmhian infheistíocht C21-i12 (Beart méadaithe: Dícharbónú an Iompair Phoiblí); infheistíocht C21-i11-RAM (Córas dreasachtaí chun fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite a tháirgeadh agus a stóráil i Maidéara agus Porto Santo); agus athchóiriú C21-r48 (Simpliú an chreata dhlíthiúil agus rialála is infheidhme maidir le tionscadail fuinnimh in-athnuaite).

*Rannchuidiú leis an aistriú glas lena n- áirítear an bhithéagsúlacht*

(23) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (e), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le hIarscríbhinn V, critéar 2.5, a ghabhann leis, tá bearta sa phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe a rannchuidíonn go láidir (rátáil A) ó thaobh an aistrithe ghlais de, lena n-áirítear an bhithéagsúlacht, nó ó thaobh aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a eascraíonn as sin. An méid airgid a ghabhann leis na bearta a thacaíonn le cuspóirí aeráide, 39,09 % de leithdháileadh iomlán an phlean leasaithe atá ann, agus 91,42 % de chostais mheasta iomlána na mbeart sa chaibidil REPowerEU atá ann, costais arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241. I gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2021/241, tá an plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe comhsheasmhach leis an bhfaisnéis atá sa Phlean Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide don tréimhse 2021–2030.

(24) Le leasú an phlean téarnaimh agus athléimneachta, ní dhéantar laghdú ábhartha ar a uaillmhian i leith an aistrithe ghlais. Mar gheall ar bhaint infheistíocht C15-i03 (Iarnróid Éadrom Idirthurais in Odivelas – Loures) agus an laghdú ar uaillmhian infheistíocht C02-i05 (Stoc Tithíochta Poiblí Inacmhainne), go háirithe, tháinig laghdú 2,07 %, ach ina ainneoin sin tacaíonn an plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe go suntasach fós le cuspóirí an aistrithe ghlais, le feabhsú na bithéagsúlachta agus le cosaint an chomhshaoil. Go háirithe, leanann caibidil REPowerEU de thacaíocht a thabhairt don aistriú glas, ós rud é go rannchuidíonn a athchóirithe agus a infheistíochtaí leis an spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú, leis an éileamh ar fhuinneamh a laghdú agus leis an éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú.

*Rannchuidiú leis an aistriú digiteach*

(25) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (f), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le hIarscríbhinn V, critéar 2.6, a ghabhann leis, tá bearta sa phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe a rannchuidíonn go láidir (rátáil A) leis an aistriú digiteach nó a thugann aghaidh ar na dúshláin a eascraíonn as. Baineann na bearta a thacaíonn le cuspóirí digiteacha le méid arb é atá ann 21,67 % de leithdháileadh iomlán an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe, méid arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn VII a ghabhann leis an Rialachán sin.

(26) Le leasú an phlean téarnaimh agus athléimneachta, neartaítear a uaillmhian i leith an aistrithe dhigitigh. Go háirithe, an méadú ar rannchuidiú infheistíocht C05-i06 (Caipitliú cuideachtaí agus athléimneacht airgeadais) i leith an aistrithe dhigitigh agus an méadú ar uaillmhian infheistíochtaí C15-i06 (Digitiú an Iompair Iarnróid) agus C05-i08 (Níos Mó Eolaíochta Digití), rannchuidíonn siad a thuilleadh le digitiú an ghnó.

*Aon chritéir mheasúnaithe eile*

(27) Measann an Coimisiún nach ndéanann na leasuithe a chuir an Phortaingéil chun cinn difear don mheasúnú dearfach ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 i ndáil le hábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas an phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3), pointí (a), (b), (c), (db), (g), (h), (j) agus (k), de Rialachán (AE) 2021/241.

***Bearta lena dtacaítear le hoibríochtaí infheistíochta a rannchuidíonn le cuspóirí an Ardáin um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip (STEP)***

(28) I gcomhréir le hAirteagal 4(4) de Rialachán (AE) 2024/795 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6], mheas an Phortaingéil gur tionscadail tosaíochta iad na tionscadail sin ar bronnadh Séala Ceannasachta orthu de bhun Airteagal 4(1) den Rialachán sin. Mheas an Phortaingéil, áfach, nach raibh aon tionscadal ar bronnadh Séala Ceannasachta air le háireamh sa phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe toisc go bhfuil cistiú faighte cheana féin ag cuid de na tionscadail sin ó fhoinsí an Aontais seachas an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta. Ina theannta sin, tionscadail a bhfuil Séala Ceannasachta acu nach bhfuil cistiú faighte acu go fóill, d'fhéadfaí iad a chistiú faoin mbeart nua C05-i14 (Nuálaíocht ghnó) sa phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe.

***Measúnú dearfach***

(29) Tar éis an mheasúnaithe dhearfaigh ón gCoimisiún maidir leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe, measúnú inar cinneadh go gcomhlíonann an plean go sásúil na critéir mheasúnaithe a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/241, i gcomhréir le hAirteagal 20(2) den Rialachán sin agus le hIarscríbhinn V a ghabhann leis, ba cheart na hathchóirithe agus na tionscadail infheistíochta is gá chun an plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe a chur chun feidhme, ba cheart iad a leagan amach, iad sin agus na clocha míle, na spriocanna agus na táscairí ábhartha, maille leis an méid a chuirfidh an tAontas ar fáil i bhfoirm tacaíochta airgeadais neamh-iníoctha le haghaidh chur chun feidhme an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe.

---

[6] Rialachán (AE) 2024/795 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Feabhra 2024 lena mbunaítear an tArdán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip (STEP), agus lena leasaítear Treoir 2003/87/CE agus Rialacháin (AE) 2021/1058, (AE) 2021/1056, (AE) 2021/1057, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) 2021/1060, (AE) 2021/523, (AE) 2021/695, (AE) 2021/697 agus (AE) 2021/241 (IO L, 2024/795, 29.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/795/oj).

*Rannchuidiú airgeadais*

(30) Is é EUR 22 215 870 313 costas iomlán mheasta phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe na Portaingéile. Ós rud é go bhfuil méid chostas iomlán measta an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe níos airde ná an ranníocaíocht uasta airgeadais cothrom le dáta atá ar fáil don Phortaingéil, an ranníocaíocht airgeadais iomlán arna cinneadh i gcomhréir le hAirteagal 4a de Rialachán (AE) 2021/1755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[7] agus Airteagal 20(4) agus Airteagal 21a(6) de Rialachán (AE) 2021/241 arna leithdháileadh ar phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe na Portaingéile, ba cheart an ranníocaíocht sin a bheith comhionann le EUR 16 325 113 960. Dá bhrí sin, níl aon athrú ar an ranníocaíocht airgeadais a cuireadh ar fáil don Phortaingéil.

*Iasachtaí*

(31) Níl aon athrú ar an tacaíocht iasachta a cuireadh ar fáil don Phortaingéil dar luach EUR 5 890 756 353.

(32) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir sin. Ar mhaithe le soiléireacht, ba cheart an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a ionadú go hiomlán,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

---

[7] Rialachán (AE) 2021/1755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Deireadh Fómhair 2021 lena mbunaítear an Cúlchiste Coigeartaithe Brexit (IO L 357, 8.10.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/1755/oj).

*Airteagal 1*

Leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Portaingéile mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1:

‘*Airteagal 1*
*Formheas an mheasúnaithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta*

Formheastar an measúnú ar phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe na Portaingéile a rinneadh ar bhonn na gcritéar dá bhforáiltear in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241. Leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo na hathchóirithe agus na tionscadail infheistíochta atá ann faoin bplean téarnaimh agus athléimneachta, na socruithe agus an t-amchlár i ndáil le faireachán a dhéanamh ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta agus é a chur chun feidhme, lena n-áirítear na clocha míle agus na spriocanna ábhartha a bhaineann le híoc na tacaíochta airgeadais neamh-inaisíoctha agus na clocha míle agus spriocanna breise a bhaineann le híoc na hiasachta, na táscairí ábhartha a bhaineann le comhlíonadh na gcloch míle agus na spriocanna atá beartaithe, agus na socruithe maidir le rochtain iomlán ar na bunsonraí ábhartha a sholáthar don Choimisiún.’;

(2) cuirtear an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad na hIarscríbhinne.

*Airteagal 2*

Is chuig Poblacht na Portaingéile a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh i/in/sa…, …,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*